Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta
12
acmhainn do bhliain 12

Curaclam
Thuaisceart Éireann

an fachtóir WOW

Aonad a Sé Do Thodhchaí - Is Leat Féin í!

an fachtóir WOW

Clár Ábhair

Léargas Ginearálta ar an Aonad 3

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc taobh istigh den Aonad seo 5

Téama 1	Anailís LLDB Ghairme	6
Téama 2	Anailís Deiseanna	7
Téama 3	Constaicí agus Rioscaí	8
Téama 4	Bain Triail As	9
Téama 5	Foghlaim Fad Saoil	10
Téama 6	Plean Pearsanta Gairme	11

Áiseanna

Suímh Idirlín Úsáideacha

an fachtóir WOW

Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta a cuimhainn do bhliain 12

Aidhm

San aonad seo, sainaithníonn na daltaí a gcuid láidreachtaí agus a gcuid laigí taobh istigh de chomhthéacs phleanáil ghairme. Foghlaimíonn na daltaí an dóigh le deiseanna gairme a thaighde go héifeachtach agus amharcann siad ar an tábhacht atá le foghlaim fad saoil.

Léargas Ginearálta ar an Aonad

Mapáilte chuig na Ceanglais Reachtúla

Ba chóir go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- plean pearsanta gairme a fhorbairt bunaithe ar eolas agus ar threoir ábhartha.

Spriocanna Foghlama

Foghlaimíonn Daltaí:

- go bhfuil réimse uirlisí ann a thacaíonn leis an phróiseas pleanála gairme;
- go bhfuil sé tábhachtach taighde a dhéanamh ar ghairm nó ar phost; agus
- gur páirt thábhachtach den phleanáil ghairme í foghlaim fad saoil.

Critéir Ratha

Ag deireadh an aonaid seo:

- beidh na daltaí ábalta réimse uirlisí a úsáid le tacú lena bpleanáil ghairme;
- aithneoidh siad go bhfuil rioscaí ag baint leis an phróiseas pleanála gairme;
- beidh siad ábalta taighde a dhéanamh ar ghairm nó ar phost;
- beidh siad ábalta an tábhacht atá le foghlaim fad saoil a mhíniú; agus
- beidh siad ábalta plean gairme a úsáid go héifeachtach.

Fócas ar Scileanna Infhostaitheachta

Ligeann an t-aonad seo do dhaltaí na scileanna a fhorbairt a chomhlíonann ceanglais reachtúla an churaclaim athbhreithnithe ag Eochairchéim 4. Tugtar breac-chuntas sa tábla thíos ar an fhócas atá taobh istigh den aonad seo:

Féinbhainistíocht

- Bí feasach ar an dóigh a bhfuil an fhoghlaim san aonad seo ábhartha d'fhostaíocht feasta.

Buncheisteanna

Síos tríd an aonad seo, spreag na daltaí amharc ar na ceisteanna seo a leanas:

- *Cad é mar a thig liom mo chuid láidreachtaí agus laigí a shainaithint maidir le mo phlean gairme?*
- *Cad é mar a thig liom na deiseanna agus na bagairtí a shainaithint maidir le mo phlean gairme?*
- *Cad é mar a bheidh a fhios agam an rogha mhaith í mo rogha gairme?*
- *Cad iad na constaicí agus na rioscaí a bhaineann le gairm a roghnú agus post a aimsiú?*
- *Cad é mar a thig liom taighde a dhéanamh ar ghairm a bhfuil suim agam inti?*
- *Cad chuige ar chóir go mbeadh foghlaim fad saoil tábhachtach dom?*
- *Cad chuige ar chóir dom plean gairme a fhorbairt?*

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc san Aonad seo

Téama 1
Anailís LLDB Ghairme

Fiosraíonn na daltaí cad é mar is féidir anailís LLDB a úsáid mar uirlis pleanála gairme. Forbraíonn na daltaí a n-anailís LLDB pleanála gairme féin.

Téama 2
Anailís Deiseanna

Fiosraíonn na daltaí na critéir a bhaineann le rogha mhaith gairme. Iniúchann na daltaí fosta tosca a thacaíonn leo agus a théann in éadan roghanna gairme.

Téama 3
Constaicí agus Rioscaí

Fiosraíonn na daltaí na constaicí a d'fhéadfadh a bheith acu agus iad ar lorg gairme nó ag cuardach poist. Fiosraíonn na daltaí fosta na rioscaí a bhaineann le pleanáil ghairme.

Téama 4
Bain Triail As

Fiosraíonn na daltaí an tábhacht a bhaineann le taighde a dhéanamh ar ghairmeacha a dtiocfadh leo suim a bheith acu iontu. Iniúchann na daltaí bealaí le taighde a dhéanamh ar ghairmeacha éagsúla.

Téama 5
Foghlaim Fad Saoil

Iniúchann na daltaí an tábhacht atá le foghlaim fad saoil. Sainaithníonn siad samplaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla d'fhoghlaim fad saoil.

Téama 6
Plean Pearsanta Gairme

Aimsíonn na daltaí roinnt dá gcuid cuspóirí gairme agus/nó infhostaitheachta agus sainaithníonn siad na scileanna agus an t-eolas a chaithfidh siad a fhorbairt. Fiosraíonn na daltaí fosta an dóigh le plean pearsanta gairme/ infhostaitheachta a fhorbairt.

Téama 1
Anailís LLDB Ghairme

Fiosraíonn na daltaí cad é mar is féidir anailís LLDB a úsáid mar uirlis pleanála gairme. Forbraíonn na daltaí a n-anailís LLDB pleanála gairme féin.

Deis do Mheasúnú chun Foghlama!
Ag measúnú do chuid foghlama féin agus foghlaim daoine eile

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí
- *Anailís LLDB Ghairme Shamplach* (Áis 1)
- *Teimpléad Anailís LLDB* (Áis 2)
- *Cás-Staidéar: Scéal Sheáin* (Áis 3)

Gníomhaíocht 1

Cuir in iúl don rang go mbaineann gnólachtaí agus eagraíochtaí úsáid as uirlis ar a dtugtar anailís LLDB leis na nithe seo a leanas a aimsiú, a gcuid:
- **L**áidreachtaí;
- **L**aigí;
- **D**eiseanna; agus
- **B**agairtí.

Dáil cóip den *Anailís LLDB Ghairme Shamplach* ar gach dalta. Mar rang, léigí an forbhreathnú ar gach ceathramhán. Mínigh don rang go dtig anailís LLDB a úsáid sa phróiseas pleanála gairme. Tig le hanailís LLDB cuidiu leis na daltaí:
- a gcuid láidreachtaí a aithint le go dtig leo díriú ar na rudaí a bhfuil siad maith acu;
- a gcuid laigí a thuiscint le go mbeidh a fhios acu cad é a chaithfidh siad a fheabhsú;
- deiseanna a aithint le cuidiú leo cinntí a dhéanamh faoi roghanna féideartha gairme; agus
- bagairtí a shainaithint le cuidiu leo contúirtí ionchasacha a sheachaint, fios a bheith acu cad é atá le seachaint agus imní a laghdú.

Roinn an rang ina ngrúpaí de thriúr nó ceathrar. Tabhair cóip den *Teimpléad Anailís LLDB* agus cóip de *Chás-Staidéar: Scéal Sheáin* do gach grúpa. Iarr ar gach grúpa anailís LLDB a ullmhú do Sheán. Nuair a bhíonn an tasc seo comhlánaithe ag na grúpaí, tabhair cuireadh dóibh anailís LLDB ghairme Sheáin a chur i láthair don chuid eile den rang. De réir mar a chuireann gach grúpa a gcuid aiseolais i láthair, cláraigh a gcuid freagraí uile ar theimpléad anailís LLDB ar an chlár nó ar smeachchairt.

Gníomhaíocht 2

Taispeáin anailís LLDB ghairme Sheáin ag tosach an tseomra ranga. Roinn an rang ina cheithre ghrúpa. Cuir na ceithre ghrúpa i gceithre choirnéal an tseomra ranga. Leithdháil ceann de na ceannteidil seo a leanas ar gach grúpa:
- **L**áidreachtaí;
- **L**aigí;
- **D**eiseanna; agus
- **B**agairtí.

Iarr ar an ghrúpa **L**áidreachtaí amharc ar cad é mar a thiocfadh le Seán a chuid láidreachtaí gairme a fhorbairt. Iarr ar an ghrúpa **L**aigí amharc ar cad é mar a thiocfadh le Seán a chuid laigí gairme a shárú. Iarr ar an ghrúpa **D**eiseanna amharc ar cad é mar a thiocfadh le Seán leas a bhaint as a chuid deiseanna gairme. Ag an deireadh, iarr ar an ghrúpa **B**agairtí amharc ar cad é mar a thiocfadh le Seán a chuid bagairtí gairme a laghdú. Mínigh do na daltaí go bhfuil tú ag iarraidh orthu leiriú fisiciúil d'anailís LLDB ghairme Sheáin a chruthú. Roinn an rang ina cheithre cheathramhán. Leithdháil ceathramhán amháin ar gach grúpa. Iarr ar na grúpaí seasamh ina gceathramhán leithdháilte. Cuir cuireadh ar na grúpaí a gcuid conclúidí a chur i láthair don chuid eile den rang. Caithfidh gach dalta seasamh do cheann de na tosca a shainaithnítear in anailís LLDB ghairme Sheáin agus a mhíniú cad é mar atáthar ag dul i ngleic leis seo. Mar shampla, b'fhéidir go ndéarfadh dalta sa ghrúpa Láidreachtaí: 'Is mise taithí oibre Sheáin ar an suíomh tógála. Tá Seán ag dul á fhorbairt seo trí níos mó oibre a fháil ar an suíomh tógála an samhradh seo chugainn'.

Gníomhaíocht 3

Dáil cóip den *Teimpléad Anailís LLDB* ar gach dalta. Iarr ar na daltaí a n-anailís LLDB ghairme féin a chruthú. Cuir i gcuimhne dóibh go dtig leis an *Anailís LLDB Ghairme Shamplach* cuidiú leo. Mas cuí, tabhair cuireadh dóibh a n-anailís LLDB a roinnt le dalta eile.

Gníomhaíocht 4 - Deis Sínte

Mol do na daltaí a phleanáil cad é mar atá siad ag dul a fhorbairt nó dul i ngleic leis na láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí a sainaithníodh ina n-anailís ghairme LLDB.

Téama 2
Anailís Deiseanna

Fiosraíonn na daltaí na critéir a bhaineann le rogha mhaith ghairme. Iniúchann na daltaí fosta tosca a thacaíonn leo agus a théann in éadan roghanna gairme.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí
- *An Bogadh Ceart – Creatlach Scéil* (Áis 4)
- *Anailís Deise* (Áis 5)
- Lipéid Ghreamaitheacha

Gníomhaíocht 1

Roinn an rang ina ghrúpaí de cheathrar nó cúigear. Dáil cóipeanna den áis *An Bogadh Ceart – Creatlach Scéil* ar gach grúpa nó taispeáin é ag tosach an ranga. Iarr ar na grúpaí script a scríobh d'agallamh thrí nóiméad ar *An Bogadh Ceart*. Mínigh gurb é cuspóir an agallaimh ná a fháil amach cad chuige a síleann an t-agallaí go bhfuil an rogha cheart ghairme déanta aige/aici.

Nuair a bhíonn na scripteanna uile scríofa, iarr ar gach grúpa aisteoireacht a dhéanamh ar a n-agallamh. Agus gach grúpa ag déanamh a rólghlactha, iarr ar an chuid eile den rang iarraidh a thabhairt na critéir do rogha mhaith ghairme a shainaithint.

Le linn an tseisiúin faisnéise, tabhair cuireadh do na daltaí na critéir do rogha mhaith ghairme a shainaithint. Liostaigh na critéir ar an chlár nó ar smeach-chairt. Iarr ar an rang na critéir a rangú. Taispeáin na 10 gcritéar is mó ar roghanna maithe gairme sa seomra ranga. Mol do na daltaí amharc ar na tosca seo agus iad ag déanamh anailíse ar na deiseanna a shainaithnítear ina n-anailís ghairme phearsanta LLDB.

Gníomhaíocht 2

Roinn an rang ina mbeirteanna. Tabhair roinnt lipéad greamaitheach do gach beirt. Iarr ar gach beirt tosca a shainaithint a spreagfadh duine le gairm a roghnú.

Iarr ar na daltaí a gcuid freagraí a chlárú ar na lipéid ghreamaitheacha.
I measc na samplaí bheadh:
- suim phearsanta;
- bheadh siad maith i mbun an phoist;
- tá na tréithe cearta pearsanta acu;
- ta cúrsaí ar fáil go háitiúil;
- tá líon na bpost ag méadú san earnáil;
- lucht teagmhála sa tionscal; agus/nó
- tacaíocht ón teaghlach agus ó chairde.

Cuir cuireadh ar na beirteanna a gcuid smaointe a roinnt leis an chuid eile den rang.

Ansin iarr ar na beirteanna smaoineamh ar thosca a d'fhéadfadh duine a chur ó bheith ag roghnú gairme agus iad seo a chlárú ar lipéid ghreamaitheacha. I measc na samplaí bheadh:
- gan go leor post san earnáil;
- pá íseal san earnáil;
- meath na hearnála;
- leibhéal ard cáilíochtaí de dhíth; agus/nó
- costas oiliúna/ cáilíochtaí.

Cuir cuireadh ar na beirteanna a gcuid smaointe a roinnt leis an chuid eile den rang.

Mar rang, cruthaígí Póstaer Tosca a Spreagann/a Dhíspreagann Roghanna Gairmeacha leis na lipéid ghreamaitheacha agus taispeáin é seo sa seomra ranga.

Gníomhaíocht 3 - Deis Sínte

Iarr ar na daltaí paca earcaíochta poist a fháil, trí theagmháil dhíreach a dhéanamh le fostóir nó tríd an Idirlíon. Ina dhiaidh sin, iarr ar na daltaí an paca iarratais a chomhlánú ionann is go raibh siad ag cur isteach ar an phost.

Iarr ar na ndaltaí dul ar ais ina ngrúpaí agus piarmheasúnú a úsáid lena chinntiú gur comhlánaíodh na foirmeacha go hiomlán agus go cruinn. Cuir i gcuimhne do dhaltaí na *Rialacha Maidir le Comhlánú Foirm Iarratais – Bileog Achoimre* a úsáid mar chritéar ratha.

Iarr ar ghrúpaí aiseolas a chur i láthair don chuid eile don rang.

Téama 3

Constaicí agus Rioscaí

Fiosraíonn na daltaí na constaicí a d'fhéadfadh a bheith acu agus iad ar lorg gairme nó ag cuardach poist. Fiosraíonn na daltaí fosta na rioscaí a bhaineann le pleanáil ghairme.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Cártaí Constaicí ar Ghairm/Theacht ar Phost* (Áis 6)
- *Bileog Ghníomhaíochta ar Shárú Constaicí agus Rioscaí* (Áis 7)

Gníomhaíocht 1

Roinn an rang ina ngrúpaí de chúigear nó seisear daltaí. Tabhair ar a laghad trí cinn de na *Cártaí Constaicí ar Ghairm/Theacht ar Phost* do gach grúpa. Tabhair cuireadh do na grúpaí na cártaí contaicí a phlé agus cinneadh a dhéanamh faoin dóigh a saródh siad na constaicí.

Cuir cuireadh ar gach grúpa cur i láthair gairid a dhéanamh ar dhóigh a saródh siad na constaicí a léirítear ar na cártaí.

Gníomhaíocht 2

Mar rang, pléigí na rioscaí a bhaineann le pleanáil ghairme, mar shampla:

- meath i líon na bpost atá ar fáil;
- d'fhéadfá fuath a bheith agat do do phost;
- níl tú spreagtha;
- strus;
- tuarastal íseal;
- gan aon seans agat ardú céime a fháil;
- ní maith leat na daoine a bhfuil tú ag obair leo; agus/nó
- ní airítear fiúntas ionat agus tú ag obair.

Déan liosta de na rioscaí a shainaithnítear ar an chlár nó ar smeach-chairt.

Roinn an rang ina ghrúpaí de thriúr nó ceathrar daltaí. Iarr ar gach grúpa ceann de na rioscaí a roghnú a bhaineann le pleanáil ghairme agus an dóigh a rachadh an riosca sin i bhfeidhm ar dhuine a rinne an rogha chontráilte ghairme a phlé. Iarr ar na grúpaí amharc ar an dóigh a rachadh siad i ngleic leis an cheist.

Tabhair cuireadh do gach grúpa a gcuid cinntí a chur i láthair don chuid eile den rang.

Gníomhaíocht 3

Roinn an rang ina mbeirteanna. Iarr ar gach beirt a shamhlú go bhfuil aithne acu ar dhuine éigin a rinne an rogha chontráilte ghairme. Iarr ar gach beirt cás-staidéar gairid a scríobh ar an duine sin a chuimsíonn an t-eolas seo a leanas:

- cé hé an duine sin (aois, cúlra oideachais);
- cad é an post a bhfuil siad ann;
- cad chuige ar roghnaigh siad an post sin;
- cad é a shíleann siad faoina rogha ghairme; agus
- cad é mar a mhothaíonn siad agus iad ag obair.

Iarr ar gach beirt achoimre ghairid ar a gcás-staidéar a thabhairt don chuid eile den rang. I rith an tseisiúin faisnéise, aibhsigh aon chosúlacht idir na cás-staidéir.

Gníomhaíocht 4 - Deis Sínte

Dáil cóip den *Bileog Ghníomhaíochta ar Shárú Constaicí agus Rioscaí* ar gach dalta. Iarr ar na daltaí aon chonstaic nó riosca a shainaithint a bheadh os a gcomhair agus iad ag cuardach poist nó ag pleanáil gairme agus iad seo a chlárú sa cholún ar chlé den bhileog ghníomhaíochta. Ansin, iarr ar gach dalta an dóigh a bhféadfadh siad na constaicí a shárú nó dul i ngleic leis na rioscaí agus a gcuid freagraí a chlárú sa cholún ar dheis. Mol dóibh iarraidh ar mhúinteoirí nó ar bhaill teaghlaigh comhairle a chur orthu maidir leis an dóigh leis na constaicí a shárú nó dul i ngleic leis na rioscaí.

Téama 4

Bain Triail As

Fiosraíonn na daltaí an tábhacht a bhaineann le taighde a dhéanamh ar ghairmeacha a dtiocfadh leo suim a bheith acu iontu. Iniúchann na daltaí bealaí le taighde a dhéanamh ar ghairmeacha éagsúla.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Gairmthreoir - Creatlach Scéil* (Áis 8)
- Lipéid ghreamaitheacha

Gníomhaíocht 1

Mar rang, pléigí cad chuige a bhfuil sé tábhachtach gairm a thaighde sula leanann siad í. Déan liosta de na fáthanna atá ag na daltaí ar an chlár nó ar smeach-chairt.

Roinn an rang ina ngrúpaí de cheathrar nó cúigear daltaí. Iarr ar gach grúpa ransú smaointe a dhéanamh ar bhealaí éagsúla le gairm a thaighde. Ma bhíonn fadhbanna ag na grúpaí smaointe a ghiniúint, tabhair na samplaí seo a leanas dóibh:

- bain úsáid as an idirlíon;
- léigh tuarascálacha an tionscail;
- amharc ar na nuachtáin;
- labhair le duine éigin sa tionscal;
- labhair leis an mhúinteoir gairme; agus/nó
- léigh leabhair.

Iarr ar gach grúpa liosta modhanna le taighde a dhéanamh ar ghairmeacha a liostú.

Dáil cóip den áis *Gairmthreoir - Creatlach Scéil* ar gach grúpa. Iarr orthu *Gairmthreoir - Creatlach Scéil* a léamh agus a shamhlú gur foireann comhairleoirí gairme nó oidí saoil iad. Is é an tasc acu tuairisc ghairid a scríobh ar cad é mar a thiocfadh le Clár níos mó a fháil amach faoi ghairm i ngarraíodóireacht tírdhreacha.

Gníomhaíocht 2

Roinn an rang ina ngrúpaí de thriúr nó ceathrar daltaí. Tabhair foireann lipéad greamaitheach do gach grúpa. Iarr ar na grúpaí 10 gceist a ghiniúint ba mhaith leo a chur faoi ghairm agus gach ceist a scríobh ar lipéad greamaitheach. B'fhéidir go mbeadh cuid de na ceisteanna seo a leanas ina measc:

- Cad é an meánphá in aghaidh na bliana?
- Cad iad na seansanna faoi choinne ardú céime?
- Cad é an oiliúint/na cáilíochtaí atá de dhíth?
- Cad iad na tréithe pearsanta a fhóireann don ghairm sin?

Iarr ar na grúpaí a gcuid ceisteanna a rangú in ord tábhachta. Ansin, iarr ar gach dalta na ceisteanna a scríobh (san ord comhaontaithe) ar bhileog páipéir le ceistneoir a dhéanamh.

Gníomhaíocht 3

Iarr ar gach dalta gairm a roghnú le taighde a dhéanamh uirthi. Mol dóibh an ceistneoir a forbraíodh i nGníomhaíocht 2 a úsáid leis an taighde a fhócasú.

Iarr orthu amharc ar cad é mar a d'fhéadfaí na ceisteanna a fhreagairt. Cuir i gcuimhne dóibh faoi na modhanna le taighde a dheanamh ar ghairm a sainaithníodh i nGníomhaíocht 1.

Gníomhaíocht 4 - Deis Sínte

Roinn an rang ina mbeirteanna nó ina ngrúpaí. Iarr orthu gairm a thaighde gan ach an ceistneoir taighde a a forbraíodh i nGníomhaíocht 2 agus an t-idirlíon a úsáid.

Téama 5
Foghlaim Fad Saoil

Iniúchann na daltaí an tábhacht atá le foghlaim fad saoil. Sainaithníonn siad samplaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla d'fhoghlaim fad saoil.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí
- *Ceistneoir Foghlaim Fad Saoil* (Áis 9)
- Lipéid ghreamaitheacha

Gníomhaíocht 1

Iarr ar an rang an tearma foghlaim fad saoil a shainmhíniú. Cuir sainmhíniú na ndaltaí i gcomparáid leis an sainmhíniú seo a leanas:
'*an réimse foghlama neamhfhoirmiúla agus foirmiúla a thiteann amach i rith an tsaoil.*' Iarr orthu a mhíniú cad chuige a bhfuil foghlaim fad saoil tábhachtach. Déan liosta de na fáthanna ar an chlár nó ar smeach-chairt.

Roinn an rang ina mbeirteanna. Tabhair roinnt lipéad greamaitheach do gach beirt. Iarr ar na beirteanna an oiread samplaí agus a thig leo a shainaithint. Iarr orthu gach freagra a scríobh ar lipéad greamaitheach aonair.

Nuair a bhíonn an tasc seo críochnaithe acu, iarr orthu grúpa a fhoirmiú le beirt eile ar a laghad agus a gcuid freagraí a chur i gcomparáid lena chéile. Iarr ar gach grúpa a gcomhsmaointe a chatagóiriú.

Mar rang, roinn na samplaí den fhoghlaim fad saoil ina dhá chatagóir: samplaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Taispeáin an liosta seo sa seomra ranga.

Gníomhaíocht 2

Roinn an rang ina mbeirteanna. Tabhair cóip den *Cheistneoir Foghlaim Fad Saoil* do gach beirt. Iarr ar na daltaí sealanna a ghlacadh an ceistneoir a chomhlánú. Iarr ar na daltaí a gceistneoir comhlánaithe a athbhreithniú agus aon eolas breise a chur leis. Cuir comhairle orthu an ceistneoir a choinneáil, nó d'fhéadfaí an t-eolas a úsáid ina bpleananna forbartha pearsanta nó ina gcomhaid dul chun cinn.

Le linn na tseisiúin faisnéise, fiosraigh an bhfuil na haidhmeanna foghlama agus/nó baic foghlama céanna ag na daltaí.

Gníomhaíocht 3 - Deis Sínte

Mol do na daltaí plean gníomhaíochta a fhorbairt dá gcuid foghlama fad saoil. Tabhair am do na daltaí cúrsaí agus gairmeacha difriúla a thaighde.

Téama 6

Plean Pearsanta Gairme

Aimsíonn na daltaí roinnt dá gcuid cuspóirí gairme agus/nó infhostaitheachta agus sainaithníonn siad na scileanna agus an t-eolas a chaithfidh siad a fhorbairt. Fiosraíonn na daltaí fosta an dóigh le plean pearsanta gairme/ infhostaitheachta a fhorbairt.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Cairt Gantt ar Phleanáil Ghairme* (Áis 10)
- *Pleanálaí Pearsanta Gairme/Infhostaitheachta* (Áis 11)
- *Plean Gníomhaíochta Pearsanta Gairme/ Infhostaitheachta* (Áis 12)
- Páipéar Smeach-chairte

Gníomhaíocht 1

Tabhair cóip den *Chairt Gantt ar Phleanáil Ghairme* do gach dalta. Mínigh an dóigh a bhforbraítear Cairt Gantt agus an dóigh ar féidir í a úsáid i bpleanáil ghairme.

Roinn an rang ina ngrúpaí de cheathrar nó cúigear. Tabhair bileog páipéir smeach-chairte do gach grúpa. Taispeáin an liosta seo a leanas ar an chlár nó ar smeach-chairt:

- Seosamh: tá sé i mBliain 12 agus is mian leis a chuid A-leibhéal a dhéanamh agus ansin dul ar an Ollscoil agus staidéar a dhéanamh ar Bhainistíocht Spóirt.
- Antain: tá sé i mBliain 12 agus is mian leis ceird a bheith aige sa tionscal tógála, ach níl sé cinnte cé acu ceird.
- Cáit: tá sí tosaithe ar chúrsa innealtóireachta.

Iarr ar na grúpaí duine amháin a roghnú ón liosta agus *Cairt Gantt ar Phleanáil Ghairme* a fhorbairt dó/di faoi choinne 14 mhí (Meán Fómhair - Deireadh Fómhair).

Tabhair cuireadh do na grúpaí a gcuid Cairteacha Gantt a chur i láthair dá chéile. Mol dóibh aiseolas a thabhairt dá chéile.

Gníomhaíocht 2

Iarr ar gach dalta cairt phearsanta pleanála gairme Gantt a fhorbairt. Ansin, iarr ar na daltaí bheith ag obair i mbeirteanna agus a gcuid Cairteacha Gantt a chur i láthair agus a mhíniú dá chéile. Mol dóibh aiseolas a thabhairt.

Téama 6

Plean Pearsanta Gairme (ar lean)

Gníomhaíocht 3

Tabhair cóip den *Pleanálaí Pearsanta Gairme/ Infhostaitheachta* do gach dalta. Léigh an cháipéis seo don rang agus pléigh gach rannán. Mínigh go gcuideoidh an pleanálaí seo leo a gcuid cuspóirí gairme/ infhostaitheachta a shainmhíniú mar aon leis na scileanna nó an t-eolas a chaithfidh siad a fhorbairt.

Cuir cuireadh ar na daltaí a gcuid cuspóirí gairme/ infhostaitheachta a shainaithint agus spriocdháta a leagan síos lena mbaint amach. Mol do na daltaí cuspóirí CIRIA (Cinnte, Imheasta, Réadúil, Indéanta agus Amcheangailte) a ghlacadh chucu féin.

Tabhair cuireadh dóibh na scileanna nó an t-eolas a liostú ar an phleanálaí atá de dhíth orthu. Iarr orthu a leibhéal reatha scileanna a mheas in aghaidh an scála seo a leanas:

- **A** – bainte amach agus gan aon ghá le feabhas;
- **B** – tá an scil/an t-eolas seo agam ach caithfidh mé feabhas beag a chur air;
- **C** – tá an scil/an t-eolas seo agam ach caithfidh mé feabhas nach beag a chur air; agus
- **D** – caithfidh mé an scil/an t-eolas seo a bhaint.

Mol do na daltaí tagairt dá nAnailís LLDB gairme pearsanta féin (a ullmhaíodh i dTéama 1) le cuidiú leo a gcuid láidreachtaí agus laigí a shainaithint maidir lena gcuid scileanna agus eolais. Nuair a bhíonn a b*Pleanálaí Pearsanta* comhlánaithe ag gach dalta, iarr orthu é a shíniú agus dáta a chur air. Spreagfaidh sé seo iad bheith tiomanta lena gcuid spriocanna a bhaint amach agus na scileanna nó an t-eolas atá de dhíth a fhorbairt.

Gníomhaíocht 4

Tabhair cóip den *Pleanálaí Pearsanta Gairme/ Infhostaitheachta* do gach dalta. Léigh an cháipéis seo don rang agus pléigh gach rannán. Mínigh go gcuideoidh an cháipéis seo leo an dóigh le pleanáil leis na scileanna agus an t-eolas ata de dhíth orthu a fháil.
Mínigh cad é mar a ligfidh an *Plean Gníomhaíochta Pearsanta Gairme* dóibh a bpleananna gairme a chur i bhformáid atá inmheasta agus indéanta.

Iarr ar na daltaí an *Plean Gníomhaíochta Pearsanta Gairme* a chomhlánú. Iarr orthu é a shíniú agus dáta a chur air mar shiombal ar a dtiomantas na gníomhartha pleanáilte a dhéanamh. Ag an deireadh, cuir cuireadh ar na daltaí a b*Plean Gníomhaíochta Pearsanta Gairme* comhlánaithe a roinnt leis an chuid eile den rang, le baill teaghlaigh agus/nó le múinteoirí.

Gníomhaíocht 5 - Deis Sínte

Mol do na daltaí a b*Pleanálaí Pearsanta Gairme/ Infhostaitheachta* agus a b*Plean Gníomhaíochta Pearsanta Gairme* a athbhreithniú ar bhonn rialta.

Anailís LLDB Ghairme Shamplach

Is gléas úsáideach í anailís LLDB ghairme agus tú ag pleanáil do ghairme. Cuidíonn sí leis an úsáideoir a láidreachtaí agus deiseanna a shainaithint chomh maith leis na laigí nó bagairtí a gcaithfidh sé/sí obair orthu.

Láidreachtaí

- Scileanna, eolas agus/nó cumais
- Taithí oibre
- Tréithe dearfacha
- Gréasán teagmhála

Laigí

- Easpa scileanna cuí
- Easpa taithí ábhartha
- Tréithe diúltacha
- Oideachas neamhfhóirsteanach

Deiseanna sa Réimse Gairme

- Dóchúlacht forbartha poist
- Deiseanna le scileanna a mhéadú
- Deiseanna le hardú céime a ghnóthú
- Deiseanna le do ghnó féin a bhunú

Bagairtí ar Réimse Gairme

- Dóchúlacht iomarcaíochta
- Tionchar na teicneolaíochta
- Iomaíocht ar phoist
- Impleachtaí teaghlaigh
- Drochshláinte
- Laghdú ar ráchairt

Anailís LLDB Ghairme Shamplach

Róise Nic Ailín: Ba mhaith léi bheith ag obair i dtionscal na gruaige agus na scéimhe.

Láidreachtaí

- D'oibrigh mé go páirtaimseartha i sciamhlann ar feadh bliana.
- Tá suim agam sa ghruaig agus sa scéimh.
- Deir mo chairde go bhfuil mé go maith i gceann na gruaige agus na scéimhe.
- Tig liom obair ar mo chonlán féin.
- Tá dearcadh maith agam ar obair.
- Tá CV maith ullmhaithe agam.

Laigí

- Tá scileanna teoranta TFC agam.
- Tá easpa muiníne orm.
- Níl ach fíorbheagán teagmhálacha agam i sciamhlanna eile.
- Níl mé ró-eagraithe.
- Bím neirbhíseach le linn scrúduithe.

Deiseanna sa Réimse Gairme

- Tig liom clárú ar chúrsa scéimhe ag an Choláiste Breis- agus Ard-Oideachais áitiúil.
- Tig liom clárú ar chúrsa gruagaireachta amach anseo.
- Tig liom mo sciamhlann féin a chur ar bun amach anseo.
- Thiocfadh liom bheith i mo speisialtóir i réimse ar leith teiripe scéimhe.
- Thiocfadh liom bheith i m'ionadaí díolacháin ag comhlacht táirgí scéimhe.

Bagairtí ar Réimse Gairme

- Tá níos mó agus níos mó daoine ag cáiliú mar theiripeoirí scéimhe gach bliain.
- Ní íoctar pá maith le teiripeoirí scéimhe i mo cheantarsa.
- Beidh orm bheith suas chun dáta maidir le teicnící, táirgí agus forbairtí nua.
- Drochshláinte.

Teimpléad Anailís LLDB

Láidreachtaí	**Laigí**
Deiseanna sa Réimse Gairme	**Bagairtí ar Réimse Gairme**

Cás-Staidéar: Scéal Sheáin

Tá Seán 16 bliana d'aois agus tá sé i ndiaidh na scrúduithe TGMO a dhéanamh. Tá súil aige go n-éireoidh leis sa Bhéarla, Tíreolaíocht, Teicneolaíocht agus Dearadh agus Staidéar Gnó. Ní shíleann sé go n-éireoidh leis sa Mhata nó i dTeicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide, óir is iad sin na hábhair is laige aige.

Síleann Seán go mbeadh sé ina leictreoir maith óir is maith leis rudaí a chóiriú. Má éiríonn leis sna scrúduithe, is mian le Seán dul chuig an Choláiste áitiúil Breis- agus Ard-Oideachais le printíseacht a dhéanamh le bheith ina leictreoir.

An samhradh seo a chuaigh thart, d'oibrigh Seán ar shuíomh tógála lena uncail Séamus atá ina thógálaí. Casadh leictreoirí air a d'inis dó go raibh cuid mhór leictreoirí i gceird na tógála. Síleann uncail Séamus go laghdóidh ceird na tógála sna blianta atá romhainn.

Tá máthair Sheáin ag tacú go mór leis. Dúirt sí leis go dtabharfaidh sí a oiread tacaíochta agus is féidir dó má bhíonn sé ag iarraidh dul ar choláiste nó ar ollscoil.

Mar chaitheamh aimsire, Imríonn Seán peil dá fhoireann áitiúil. Tá sé ag imirt le trí bliana agus agus d'imir sé gach cluiche seachas ceann amháin nuair a tháinig taom asma air. Is annamh a thagann asma ar Sheán, buíochas le Dia. Deir na cairde s'aige go mbíonn sé 100 faoin chéad tiomanta don fhoireann cé go mbíonn sé mall corruair don traenáil.

Amach anseo, ba mhaith le Seán bheith féinfhostaithe. Is maith leis an smaoineamh go mbeidh sé i gceannas air féin agus ag socrú a sceideal oibre féin.

An Bogadh Ceart – Creatlach Scéil

Tá clár nua teilifíse dar teideal *An Bogadh Ceart* ag earcú scríbhneoirí scripte. Is é coincheap an tseó agallamh a chur ar dhaoine atá sásta ina gcuid oibre agus a chreideann gur roghnaigh siad an ghairm cheart.

Áis 5

Anailís Deise

Deis	Tosca Tacúla	Tosca ina hÉadan

Cártaí Constaicí ar Ghairm/Theacht ar Phost

Níl mé maith ag líonadh isteach foirmeacha iarratais.	Tá mé faiteach agus is doiligh liom bualadh le daoine nua.
Níl mé maith ag agallaimh.	Ní thig liom post a fháil in aice baile.
Ní mian liom obair do dhuine éigin eile.	Níl an taithí cheart oibre agam.
Níl na scileanna cearta agam.	Níl na cáilíochtaí cearta agam.
Níl a fhios agam cé na poist ar chóir dom cur isteach orthu.	Níl mórán post san earnáil a bhfuil suim agam inti.
Is mian le mo thuismitheoirí go mbeidh mé i mo chuntasóir ach ba mhaith liomsa bheith i mo thógálaí.	Níl culaith mhaith agam le caitheamh ar agallaimh.

Cártaí Constaicí ar Ghairm/Theacht ar Phost

Níl post páirtaimseartha ag duine ar bith de mo chairde agus níor mhaith liom bheith corr.	Níl mé iontach maith ag mata.
Níl mé iontach maith ag an ríomhaireacht.	Níl a fhios agam an dóigh le CV a scríobh.
Ba mhaith liom dul ar ollscoil, ach ní thig le mo thuismitheoirí na táillí a íoc.	Níl an meánphá sa ghairm ba mhaith liom ró-ard.
Ba mhaith liom dul a thaisteal sula socróidh mé cén ghairm a roghnóidh mé.	Tá eagla orm go ndiúltófar dom má iarraim post nó má théim ar agallamh.
Níl muinín agam asam féin.	

Áis 7

Bileog Ghníomhaíochta ar Shárú Constaicí agus Rioscaí

Constaic/Riosca	Mar a sháróidh mé an Chonstaic/Riosca

Gairmthreoir - Creatlach scéil

Tháinig Clár de Búrca chuig d'oifig a iarraidh comhairle. Tá a mac Pól 16 bliana d'aois agus tá sé i ndiaidh pas a fháil sna scrúduithe TGMO. Ba mhaith le Pól bheith ina gharraíodóir tírdhreacha. Níl eolas ar bith ag Clár ar an ghairm agus d'iarr sí comhairle ort le go bhfaighidh sí a thuilleadh eolais ar ghairm an gharraíodóra tírdhreacha.

Áis 9

Ceistneoir Foghlaim Fad Saoil

Ainm:	**Dáta:**
Rang:	**Agallóir:**

Cad chuige ar mian leat foghlaim? Cuir tic le gach fáth ábhartha.

Le go n-éireoidh liom sna scrúduithe	☐	Le go n-éireoidh liom i mo shaol oibre	☐
Le mo ghairm a fhorbairt	☐	Le cáilíochtaí a fháil	☐
Le mo scileanna a fhorbairt	☐	Óir bainim sult as	☐
Forbairt/Fás pearsanta	☐	Le m'inchinn a fhorbairt	☐
Sásamh/ghnóthachtáil phearsanta	☐	Le m'fhéinmhuinín a mhéadú	☐
Le níos mó airgid a shaothrú	☐		

Liostaigh fáthanna ar bith eile.

Cé chomh tábhachtach is atá foghlaim duit? Cuir tic le freagra amháin.

Iontach tábhachtach ☐ tábhachtach ☐ níl sí tábhachtach ☐ níl a fhios agam ☐

Cén fhoghlaim fhoirmiúil is mian leat a dhéanamh sna 1-5 bliana atá romhainn?

Scoil/Coláiste	**Is ea**	**Ní hea**	**B'fhéidir**
TGMO	☐	☐	☐
A-Leibhéil	☐	☐	☐
Oideachas 3ú Leibhéal	☐	☐	☐
céim nó HNC, mar shampla	☐	☐	☐
Ceird, siúinéireacht, mar shampla	☐	☐	☐
Cúrsa gairme	☐	☐	☐
Eile (cur síos)	☐	☐	☐
Cúrsaí			
Scileanna TFC	☐	☐	☐
Garchabhair	☐	☐	☐
Sláinte agus sábháilteacht	☐	☐	☐
Sláinte agus sláinteachas	☐	☐	☐
Scileanna cur i láthair	☐	☐	☐
Scileanna cuardaigh poist	☐	☐	☐
Bainistíocht struis	☐	☐	☐
Dearadh grafach	☐	☐	☐

Foghlaim fhoirmiúil eile
(cur síos)

Cén fhoghlaim eile ar mian leat tabhairt fúithi? Cuir tic le gach fáth ábhartha

Foghlaim neamhfhoirmiúil	**Is ea**	**Ní hea**	**B'fhéidir**
Tiomáint a fhoghlaim	☐	☐	☐
Scil a bhaineann le caitheamh aimsire	☐	☐	☐
Bheith aclaí	☐	☐	☐
Ealaín oscartha	☐	☐	☐
Canadh	☐	☐	☐
Snámh	☐	☐	☐
Uirlis a sheinm	☐	☐	☐
Teanga a fhoghlaim	☐	☐	☐

Foghlaim neamhfhoirmiúil eile
(cur síos)

An bhfuil rud ar bith ba mhaith leat a fhoghlaim níos moille i do shaol? (cur síos)

Cé acu de na modhanna seo a leanas a d'úsáidfeá dá mbeifeá ag iarraidh rud éigin nua a fhoghlaim? (cuir tic le gach modh foghlama ábhartha)

Leabhair/ábhar scríofa	☐	Idirlíon	☐
Físeán	☐	Pacáiste ríomhaireachta	☐
Grúpa beag	☐	Féin-staidéar	☐
Clostéip	☐		☐
Seomra ranga le tacaíocht	☐		☐

Foghlaim neamhfhoirmiúil eile
(cur síos)

Cé acu de na modhanna seo a leanas a chuirfeadh bac ar do chuid foghlama? (cuir tic le gach modh foghlama ábhartha)

Eagla roimh scrúduithe	☐	Cúraimí teaghlaigh	☐
Imní	☐	Easpa cúrsaí fóirsteanacha	☐
Easpa ama	☐	Deacrachtaí taistil	☐
Uaireanta oibre	☐	Falsacht	☐
Easpa eolais ar a bhfuil ar fáil	☐	Easpa muiníne	☐

Trácht/eolas eile

Cairt Gantt ar Phleanáil Ghairme

Gníomh Pleanála Gairme	MF	DF	Samh	Noll	Ean	Fea	Már	Aib	Bea	Meith	Iúil	Lún	MF	DF
Leanúint den phróiseas pleanála gairme trí mhachnamh sa chlár teagaisc	■	■	■	■	■	■	■							
Freastal ar chomhdháil jobscene		■												
Ullmhú d'agallamh le múinteoir gairmthreorach		■												
Agallamh le múinteoir gairmthreorach le roghanna iar-16 agus roghanna pearsanta a shoiléiriú			■											
Agallamh le múinteoir gairmthreorach le roghanna pearsanta iar-16 a bheachtú.						■								
Díriú ar na scrúduithe							■	■	■	■	■			
Obair shamhraidh a chuardach										■				
Mo roghanna a athbhreithniú agus iad a phlé le múinteoir gairmthreorach roimh laethanta saoire an tsamhraidh												■		
Tosú ar obair shamhraidh												■		
Torthaí scrúdúithe a athbhreithniú												■		
Cruinniú le múinteoir/oifigeach gairmthreorach agus cinneadh a dhéanamh												■		
Clárú ar an chéad chéim eile de mo rogha												■		

Seo sampla de Chairt Gannt d'Antain, dalta TGMO ar iar-bhunscoil ar an Ómaigh.

Áis 11

Pleanálaí Pearsanta Gairme/ Infhostaitheachta

Ainm:	**Dáta:**
Spriocanna Gairme	
Sprioc **Spriocdháta**	**Sprioc** **Spriocdháta**
Sprioc **Spriocdháta**	**Sprioc** **Spriocdháta**

Forbairt Scileanna/eolais
A: Cumasach gan aon ghá le feabhsúchán
B: Tá an scil/eolas seo agam ach beagán feabhsúcháin de dhíth
C: Tá an scil/eolas seo agam ach cuid mhór feabhsúcháin de dhíth
D: Caithfidh mé an scil/eolas seo a fhoghlaim

Scil/eolas	**A**	**B**	**C**	**D**

Sínithe: _____

Dáta: _____

Áis 12

Plean Gníomhaíochta Pearsanta Gairme/ Infhostaitheachta

Gníomh Gairme	Cén dóigh	Cá huair	Acmhainní

Sínithe: _____

Dáta: _____

Suímh Idirlín Úsáideacha

Le teacht ar na hábhair thacaíochta is cothroime le dáta don Oideachas don Infhostaitheacht, logáil ar: **www.ccea.org.uk/employability**

Foilseachán de chuid CCEA © 2010

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning